# Foghlaim trí mheán an tSúgartha: Léargas Ginearálta

***Aistear***
*Téamaí*: *Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid a Dhéanamh*, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht
*Treoirlínte don Dea-Chleachtas*: Foghlaim agus forbairt trí mheán an tSúgartha (lgh. 52-70)

***Caighdeáin* Síolta**
1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
6: Súgradh, C6.1, 6.2, 6.3, 6.4, 6.5 6.6, 6.7
*Achoimrí Taighde* atá nasctha leis na *Caighdeáin* thuas

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag earnáil na luath-óige ar *Aistear* agus *Síolta* a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- 6 Cholún Idirnasctha**an Churaclaim**:
    1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
    2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
    3. Foghlaim trí mheán an tSúgartha
    4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
    5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
    6. Tacú le hAistriú.

Tugtar léargas ginearálta ar an gcolún, **Foghlaim trí mheán an tSúgartha**, sa cháipéis seo. Tá réimse acmhainní ag baint leis an gcolún sin atá ceaptha le cabhrú leat tacú le leanaí agus le cur ar a gcumas foghlaim trí mheán an tsúgartha i do shuíomh.

**Roimh dhul i mbun oibre duit ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh ar Bhunchlocha an Churaclaim.**

## Cén fáth díriú ar an bhfoghlaim trí mheán an tsúgartha?

Aibhsítear in *Aistear* agus in *Síolta* an ról tábhachtach a imríonn an súgradh i saol an linbh agus tugtar smaointe agus moltaí le tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha. Cabhraíonn am, acmhainní agus tacaíocht ó chleachtóirí le leanaí neart spraoi a bheith acu agus iad ag súgradh agus a gcuid foghlama agus forbartha a chur chun cinn trí mheán an tsúgartha, leis.

Tá *Foghlaim trí mheán an tSúgartha* ar cheann de na colúin i *dTreoir Chleachtais Aistear Síolta*. Tá roinnt nasc aige le colúin eile, lena n-áirítear *Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí*, *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid*, *Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú*, *Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear* agus *Tacú le hAistriú*. Cuirtear i gcuimhne duit sa **réamhrá** gairid seo cén fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis an bhfoghlaim trí mheán an tsúgartha, tugtar **breac-chuntas** ar na hacmhainní atá sa chuid seo den Treoir Chleachtais, agus tugtar **moltaí** duit ar na bealaí a bhféadfá iad sin a úsáid.

Deirtear sa phrionsabal de chuid *Aistear* a bhaineann le heispéiris phraiticiúla,

*Tarlaíonn roinnt mhaith de luathfhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh trí mheán an tsúgartha agus trí eispéiris phraiticiúla. Ar na bealaí seo, déanann leanaí iniúchadh ar dhomhain shóisialta, fhisiceacha agus shamhlaíocha. Cuidíonn na heispéiris seo leo bainistiú a dhéanamh ar a gcuid mothúchán, forbairt mar smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga, forbairt go sóisialta, a bheith cruthaitheach samhlaíoch, agus bunchloch a leagan ionas go mbeidh siad ina gcumarsáidithe agus ina bhfoghlaimeoirí éifeachtacha* (*Prionsabail agus téamaí*, 2009, lch. 11).

Ar an gcaoi chéanna, deirtear sa phrionsabal de chuid *Síolta* a bhaineann leis an súgradh,
*Is meán tábhachtach é an súgradh trína mbíonn an páiste ag idirghníomhú leis an saol mórthimpeall uirthi/air féin agus á fhiosrúchun ciall a bhaint as. Tá na hidirghníomhaíochtaí seo, le páistí eile, daoine fásta, ábhair, eispéiris, agus smaointe, mar shampla, ina mbunús ar fholláine, ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an pháiste. Is foinse lúcháire agus sásaimh é an súgradh don pháiste. Soláthraíonn sé comhthéacs agus deis thábhachtach chun eispéiris luath-óige ar ardchaighdeán a fheabhsú agus a shaibhriú. Dá réir sin, beidh an súgradh ina phríomhfhócas i suímh luathóige atá ar ardchaighdeán* (2006, lch. 9).

Aibhsítear i gCaighdeán 6 de *Síolta*, *Súgradh*, an tábhacht a bhaineann lena sáith ama a bheith ag na leanaí uile le dul i ngleic le deiseanna atá ar fáil go héasca agus inrochtana, atá oiriúnach ó thaobh forbartha de, agus a bhfuil go leor acmhainní ag dul leo le taiscéaladh, le bheith cruthaitheach, agus le 'brí a chruthú' i gcuideachta leanaí eile, i gcuideachta daoine fásta atá rannpháirteach agus ag tacú leo, agus ina n-aonar. Tugtar i dtreoirlínte *Aistear*, *Foghlaim agus forbairt trí mheán an tSúgartha* (lgh. 54-70), eolas ar an súgradh, lena n-áirítear na saintréithe a bhaineann leis mar atá léirithe i dTábla 1 thíos.

Aibhsítear sna treoirlínte freisin príomhról an duine fhásta ag pleanáil an tsúgartha, ag tacú leis agus á athbhreithniú, agus an súgradh a eagrú, leis, agus acmhainní a chur ar fáil dó. Tá liosta acmhainní is féidir a úsáid i gcineálacha éagsúla súgartha san áireamh in Aguisín 1 (lgh. 103-106).

***Tábla 1: Saintréithe an tsúgartha***

| Saintréith | Cur síos |
|---|---|
| Gníomhach | Úsáideann leanaí a gcorp agus a n-intinn ina gcuid súgartha. Idirghníomhaíonn siad leis an timpeallacht, ábhair agus daoine eile. |
| Eachtrúil agus sásta dul sa seans | Cabhraíonn an súgradh le leanaí tabhairt faoi rudaí nua. Is í an ghné shamhlaíoch den súgradh a fhágann na leanaí slán sábháilte agus a spreagann iad le dul sa seans. |
| Cumarsáideach | Comhroinneann leanaí idir fhaisnéis agus eolas trína gcuid súgartha. Is féidir leis an gcumarsáid sin a bheith briathartha nó neamhbhriathartha, simplí nó casta. |
| Taitneamhach | Bíonn an súgradh spraíúil, taitneamhach agus músclaíonn sé acmhainn grinn. |
| Páirteach | Éiríonn leanaí gafa go hiomlán lena gcuid súgartha, díríonn siad isteach air, agus smaoiníonn siad faoina bhfuil ar siúl acu. |
| Lán le brí | Bíonn leanaí ag súgradh faoi na rudaí atá feicthe agus cloiste acu, agus faoina bhfuil ar eolas acu. Cabhraíonn an súgradh leo a gcuid eolais, tuisceana agus scileanna a fhorbairt agus a leathnú ar chaoi a thuigeann siad fein. |
| Sásta oibriú le daoine eile agus caidreamh a bheith acu leo | Bíonn leanaí ag súgradh i gcuideachta leanaí eile nó in éineacht leo. Uaireanta, is maith leo agus ní mór dóibh, leis, a bheith ag spraoi leo féin. |
| Siombalach | Déanann leanaí súgradh samhlaíoch. Baineann siad triail as smaointe, mothúcháin agus róil. Déanann siad an t-am atá thart a athléiriú agus déanann siad cleachtadh ar an am atá le teacht. D'fhéadfadh sé go mbeidís ag 'léamh' agus ag 'scríobh' leis seo i bhfad sula mbeadh na scileanna sin forbartha acu. |
| Teiripeach | Cabhraíonn an súgradh teiripeach le leanaí mothúcháin agus eispéiris a chur in iúl agus oibriú tríothu. |
| Deonach | Is iad na leanaí féin a dhéanann an cinneadh le súgradh. Bíonn páistí oscailte agus súgraíonn siad ar an toirt. Múnlaíonn siad an súgradh agus iad ina bhun, athraíonn siad na carachtair, na himeachtaí, na rudaí, agus na háiteanna. |

# Na hacmhainní sa cholún seo a úsáid

Dála na gcolún uile sa Treoir Chleachtais, tá cúig chatagóir d'acmhainní in *Foghlaim trí mheán an tSúgartha*:

1. Uirlisí Féinmheastóireachta
2. Samplaí agus Smaointe don Chleachtas
3. Acmhainní le Comhroinnt
4. Uirlisí Pleanáil Gníomhaíochta
5. Gailearaí.

Tá acmhainní i ngach aon chatagóir le cabhrú leat machnamh ar do chleachtas. B'fhéidir gur mhian leat súil a chaitheamh ar na **hUirlisí Féinmheastóireachta** ar dtús ionas gur fusa agat do chuid láidreachtaí a aithint ag tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí trí mheán an tsúgartha, chomh maith leis na hathruithe a bhreacadh síos is mian leat a dhéanamh.
Tá dhá cheann de na huirlisí sin ann:

- ceann amháin do chleachtóirí a oibríonn le leanaí ón mbreith go 3 bliana d'aois
- ceann eile do na cleachtóirí siúd a oibríonn le leanaí atá 3-6 bliana d'aois.

Ina dhiaidh sin, b'fhéidir gurbh fhiú duit breathnú ar shamplaí agus smaointe ó chleachtóirí eile. Tá siad sin le fáil sna hEispéiris Foghlama atá nasctha le téamaí *Aistear*, podchraoltaí gearra, láithreoireachtaí grianghraf, gearrthóga físe agus leidbhileoga praiticiúla sna codanna

**Samplaí agus Smaointe don Chleachtas** agus **Acmhainní le Comhroinnt** ag www.aistearsiolta.ie. Ansin is féidir leat na **hUirlisí Pleanáil Gníomhaíochta** a úsáid chun cabhrú leat pleanáil le haghaidh na sainathruithe is mian leat a dhéanamh sa suíomh. Ar deireadh, tabharfaidh **Gailearaí** grianghraf, a bhfuil fotheidil leo, ó réimse suíomhanna luath-óige smaointe breise duit i ndáil le tacú leis an bhfoghlaim trí mheán an tsúgartha. Tugtar foramharc i dTábla 2 thíos ar na hacmhainní go léir atá ar fáil sa cholún seo.